C/2024/6204

17.10.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/6204)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Zeeland'

PGI-NL-A0963-AM08

Dáta na teachtaireachta: 19.7.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

Tuairisc ar an leasú caighdeánach agus na cúiseanna leis

Leis an leasú seo, athraítear na cineálacha fíniúna atá údaraithe i dtaca le TGFC Zeeland mar a chuimsítear sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair, agus is nuashonrú é de thoradh na gcleachtas atá ann faoi láthair.

Tuairisc:

Cuireadh dhá chineál déag le liosta na gcineálacha atá údaraithe i dtaca leis an TGFC sin, mar atá:

Amigne B

Donauriesling B

Grüner Veltliner B

Merlot Kanthus N

Merlot Khorus N

Pineau d'Aunis N

Pinot Kors N

Riesel B

Sauvignon Nepsis B

Savagnin Blanc B (Traminer)

Trousseau Gris G

Voltis B

Cúis: Tá cineálacha fíonchaor nua á bhforbairt agus á gcur le catalóg cineálacha OIV nuair atá siad údaraithe, tar éis tréimhse forbartha fhada agus cuid mhór nósanna imeachta údarúcháin. I gcás ina gcuirfear na cineálacha sin isteach i gcatalóg cineálacha OIV, féadfaidh siad a bheith incháilithe freisin le bheith curtha le liosta na gcineálacha atá údaraithe i dtaca leis an TGFC sin.

Is leasú caighdeánach é an leasú sin toisc nach mbaineann sé le hainm an TGFC, an chatagóir táirge, an nasc ná na srianta margaíochta.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Zeeland

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon
4. Fíon súilíneach
5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán
8. Fíon leathshúilíneach
9. Fíon leathshúilíneach aeraithe

3.1. *An cód de chuid na hAinmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Catagóir fíona 1: fíon

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tréithe orgánaileipteacha:

Baineann aigéadacht úr leis na fíonta geala, bíonn siad an-torthaíoch agus bíonn dea-bholaithe glasa orthu.

Tá torthaí dearga ina saintréith de chuid na bhfíonta dearga agus bíonn siad an-torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha:

Tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh / in orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre maidir leis na saintréithe seo a leanas:

— Neart alcóil iomlán uasta

— Aigéadacht luaineach uasta

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta

— Saibhriú, dí-aigéadú agus aigéadú uasta tar éis an fhormheasa

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 59,85 milleachoibhéis in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Catagóir fíona 4: fíon súilíneach

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tréithe orgánaileipteacha:

Baineann aigéadacht úr leis na fíonta geala, bíonn siad an-torthaíoch agus bíonn dea-bholaithe glasa orthu.

Tá torthaí dearga ina saintréith de chuid na bhfíonta dearga agus bíonn siad an-torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha:

Tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh / in orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre maidir leis na saintréithe seo a leanas:

— Neart alcóil iomlán uasta

— Aigéadacht luaineach uasta

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta

— Saibhriú, dí-aigéadú agus aigéadú uasta tar éis an fhormheasa

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 59,85 milleachoibhéis in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. Catagóir fíona 5: fíon súilíneach ar ardchaighdeán

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tréithe orgánaileipteacha:

Baineann aigéadacht úr leis na fíonta geala, bíonn siad an-torthaíoch agus bíonn dea-bholaithe glasa orthu.

Tá torthaí dearga ina saintréith de chuid na bhfíonta dearga agus bíonn siad an-torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha:

Tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh / in orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre maidir leis na saintréithe seo a leanas:

— Neart alcóil iomlán uasta

— Aigéadacht luaineach uasta

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta

— Saibhriú, dí-aigéadú agus aigéadú uasta tar éis an fhormheasa

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 59,85 milleachoibhéis in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. Catagóir fíona 8: fíon leathshúilíneach

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tréithe orgánaileipteacha:

Baineann aigéadacht úr leis na fíonta geala, bíonn siad an-torthaíoch agus bíonn dea-bholaithe glasa orthu.

Tá torthaí dearga ina saintréith de chuid na bhfíonta dearga agus bíonn siad an-torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha:

Tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh / in orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre maidir leis na saintréithe seo a leanas:

— Neart alcóil iomlán uasta

— Aigéadacht luaineach uasta

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta

— Saibhriú, dí-aigéadú agus aigéadú uasta tar éis an fhormheasa

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 59,85 milleachoibhéis in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. Catagóir fíona 9: fíon leathshúilíneach aeraithe

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tréithe orgánaileipteacha:

Baineann aigéadacht úr leis na fíonta geala, bíonn siad an-torthaíoch agus bíonn dea-bholaithe glasa orthu.

Tá torthaí dearga ina saintréith de chuid na bhfíonta dearga agus bíonn siad an-torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha:

Tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh / in orduithe ó Aire de chuid na hÍsiltíre maidir leis na saintréithe seo a leanas:

— Neart alcóil iomlán uasta

— Aigéadacht luaineach uasta

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta

— Saibhriú, dí-aigéadú agus aigéadú uasta tar éis an fhormheasa

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 59,85 milleachoibhéis in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Geal — buaint, sórtáil, brú, réamh-mhíniú, coipeadh, míniú/aosú, buidéalú

Dearg — buaint, sórtáil, pasáil/díghasú, príomhchoipeadh, brú, coipeadh malalachtach, míniú/aosú, buidéalú

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonchaora geala

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonchaora dearga

85 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cúige Zeeland, arna chríochú ag na teorainneacha cúige a leagtar síos i gcomhréir leis an mBunreacht

7. **Cineálacha fíonchaor (nó cineálacha fíonchaor)**

Accent N

Acolon

Allegro N

Amigne B

Auxerrois B

Bacchus B

Baco Noir

Baron N

Bianca B

Birstaler Muscat

Bolero N

Bronner B

Cabaret Noir N (VB-91-26-4)

Cabernet Blanc B (VB-91-26-1)

Cabernet Cantor N

Cabernet Carbon N

Cabernet Carol N

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Franc N

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Cabertin N (VB-91-26-17)

Calandro N

Calardis Blanc B

Carmenere

Chardonnay B

Dakapo

Divicio N

Divona B

Domina N

Donauriesling B

Dornfelder N

Dunkelfelder N

Excelsior

Faber B

Felicia B

Florental N

Frühburgunder N

Gamaret N

Gamay N

Gewürztraminer Rs

Golubok N

Grüner Veltliner B

Hegel

Helios

Hibernal B

Huxelrebe B

Hölder B

Johanniter B

Juwel B

Kerner B

Kernling B

Landal N

Laurot N

Léon Millot N

Maréchal Foch N

Melody

Merlot

Merlot Kanthus N

Merlot Khorus N

Merzling B

Meunier N

Monarch

Morio Muscat B

Muscaris B

Muscat Blanc

Muscat Blue

Müller Thurgau B

Orion B

Ortega B

Palatina

Phoenix B

Pineau d'Aunis N

Pinot Grigio

Pinot Gris G

Pinot Kors N

Pinot Blanc B

Pinot Noir N

Pinotin N

Plantet N

Polo Muscat B

Portugiezer N

Prior N

Rayon d'Or B

Reberger

Regent N

Reichensteiner B

Riesel B

Riesling B

Rinot B

Rondo N

Roter Elbling Rs

Ruländer G

Saphira N

Satin Noir N (VB-91-26-29)

Sauvignac B (Cal 6-04)

Sauvignon Blanc B

Sauvignon Nepsis B

Sauvignon Soyhières B (VB-32-7)

Sauvitage B

Savagnin Blanc B (Traminer)

Scheurebe B

Schönburger Rs

Seyval B

Siegerrebe Rs

Silcher B

Sirius

Solaris

Souvignier Gris

St Laurent

Staufer

Sylvaner B

Syrah

Tempranillo

Trousseau Gris G

Villaris B

Viognier B

Voltis B

Würzer B

Zweigeltrebe N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Limistéar geografach: tuairisc agus aeráid*

Is éard atá san ithir den chuid is mó sil-leagain Holaicéineacha cré muirí agus gainimh mhuirí, ar minic iad a bheith ar fho-ithir mhóna. Feadh dhumhcha an chósta (gaineamh), tá sil-leagain, ar minic stráice gainimh mhuirí atá measctha le cré nó móin ('ithreacha *geest*') a bheith iontu.

Is iad seo a leanas saintréithe na haeráide:

— meánfhliuchras 825 mm/bliain

— 1 739 n-uair an chloig gréine in aghaidh na bliana (Vlissingen agus Wilhelminadorp)

— Meánteocht 10,6 °C i gcaitheamh na bliana ina hiomláine agus 17,1 °C i gcaitheamh an tsamhraidh

— difríocht 7,5 °C idir teocht an lae agus teocht na hoíche i mí Mheán Fómhair

8.2. *Nasc cúisíoch*

Mar gheall ar an aeráid is féidir an táirgeacht agus an aibíocht luaite a bhaint amach. Léirítear an aibíocht i bhfíon úr an-torthaíoch a ngabhann ruainníní glasa leis agus i bhfíon dearg a bhfuil torthaí dearga ina saintréith de.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Rialacha an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Limistéar atá díreach in aice láimhe maidir le táirgeadh an fhíona

A mhéid a bhaineann leis an limistéar chun fíon a tháirgeadh (an fhíonóireacht), sainítear go bhfuil cúigí uile na hÍsiltíre díreach in aice láimhe.

Cuid de bhunfhíon nó bunfhíon ina iomláine arna dhéanamh sa limistéar a chumhdaítear leis an TGFC nó i limistéar díreach in aice láimhe, féadfaidh conraitheoir an méid sin a bhuidéalú mar fhíon leathshúilíneach nó súilíneach.

Féadfar an méid sin a dhéanamh lasmuigh de limistéar an TGFC nó den limistéar díreach in aice láimhe agus ainm an TGFC a choinneáil. Sa chás sin, tá an buidéalaí le léiriú ar an lipéad freisin, b'fhéidir trí úsáid a bhaint as códuimhir (.....a bhuidéalaigh, thar ceann.....).

Creat dlíthiúil:

Rialacha an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-ainm seo a leanas ar limistéar níos lú laistigh den limistéar a chumhdaítear le TGFC 'Zeeland' a úsáid in éineacht leis an ainm 'Zeeland' más rud é gurb as an limistéar sin 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáideadh:

— Zeeuws-Vlaanderen

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.rvo.nl/sites/default/files/2024-07/BGA_Zeeland_productdossier_2024.pdf